Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0202(NLE)**

**12626/24**
**ADD 1**

**UD 158**
**EEE 40**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 343 final ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Phrótacal 4 i dtaca le rialacha tionscnaimh a ghabhann leis an gComhaontú sin, i ndáil leis an tréscaoilteacht idir an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 343 final ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2024) 343 final ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2024
COM(2024) 343 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Phrótacal 4 i dtaca le rialacha tionscnaimh a ghabhann leis an gComhaontú sin, i ndáil leis an tréscaoilteacht idir an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh**

# IARSCRÍBHINN

**[Dréacht-]CHINNEADH Uimh. ... Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an XX XX 2024**

**lena leasaítear Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch,**

**is é sin, an prótacal maidir le rialacha tionscnaimh**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] (an Comhaontú), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Le linn an chéad chruinnithe theicniúil maidir le Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Feabhra 2020, chomhaontaigh tromlach na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an Coinbhinsiún)[2] rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin (na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh[3]) a chur chun feidhme i gcomhthráth le rialacha an Choinbhinsiúin, ar bhonn déthaobhach idirthréimhseach, go dtí go nglacfaí rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin.

(2) Tháinig líonra prótacal déthaobhach i bhfeidhm cheana maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh[4] ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann.

(3) Is é is cuspóir do na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh rialacha níos maolaithe a thabhairt isteach chun cáiliú an stádais tionscnaimh fhabhraigh maidir le hearraí a éascú. Ós rud é go bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh níos maolaithe i gcoitinne ná na rialacha atá sa Choinbhinsiún, d'fhéadfaí earraí lena gcomhlíontar rialacha an Choinbhinsiúin a cháiliú mar earraí tionscnaimh faoi na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh freisin, cé is moite de roinnt táirgí talmhaíochta a aicmítear faoi Chaibidlí 2, 4 go 15, agus 16 (seachas táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 17 go 24 den Chóras Comhchuibhithe.

(4) Tá na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin, rud lena gcruthaítear dhá limistéar shainiúla carntha. Dá bhrí sin, chun cur i bhfeidhm na tréscaoilteachta idir an Coinbhinsiún agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh dá bhforáiltear le hAirteagal 21(1), pointe

[1] IO CE L 1, 3.1.1994, lch. 3.
[2] IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.
[3] IO L 246, 22.9.2022, lgh. 133–221
[4] IO C, C/2024/1637, 20.2.2024.

(d) d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 4 a éascú, ba cheart Airteagal 8 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 4 a leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

In Airteagal 8 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 4 den Chomhaontú, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. D'ainneoin mhír 1, pointe (b), féadfar an carnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm maidir le hearraí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3, 16 (i gcás táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu trí rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm de réir Fhoscríbhinn I agus de réir na bhforálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, ar choinníoll gur de thionscnamh na bPáirtithe Conarthacha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm iad na hábhair agus na táirgí ar féidir carnadh a dhéanamh ina leith.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a thabhairt[5].

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa/san…

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

---

5 Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.